

# Eolas do thuismitheoirí Foghlaim faoi thomhas

Tá Daidí, Aoife agus Orla amuigh ag siúl sa pháirc. Agus na páistí ag dreapadh crainn úsáideann daidí focail mar **ard** agus **íseal**, **i ngar** agus **i gcéin**. Nuair a thógann siad bataí díríonn sé a n-aird ar **dhifriochtaí** a bhaineann le **fad** agus **méid**. Cúpla lá ina dhiaidh sin agus é ag léamh scéil dóibh ag am luí 'Bácálann Bran Cáca' pléann sé focail a bhaineann le miosúr mar **ard** agus **fada**. Amharcann siad ar an gclúdach agus bíonn siad ag caint faoi Bhran a bheith ar stól **ard** agus é ag caitheamh hata **mór** cócaire agus é ag baint úsáide as spúnóg ar a bhfuil cos **an-fhada** chun an cáca a shuaitheadh.

Mar a fheictear ón sampla thuas, tá an mata i ngach áit timpeall orainn. Díríonn an leidbhileog seo ar ghné amháin den mhata: **tomhas**. I rith na mblianta réamhscolaíochta agus na luathbhlianta bunscolaíochta is tábhachtach go bhfoghlaimíonn páistí conas raon focal a úsáid a bhaineann le tomhas go háirithe agus iad ag déanamh comparáide idir airde, fad agus méid daoine agus rudaí.

## Teanga an Tomhais a úsáid

Tá roinnt smaointe thíos faoin teanga is féidir leat a úsáid le cuidiú le do leanbh labhairt faoi thomhas le linn súgartha agus ag gnáthghníomhaíochtaí an lae. Spreag do leanbh le **hairde**, **fad** agus **méid daoine** agus **rudaí** a chur i **gcomparáid**. Labhair faoi conas atá rudaí mar an gcéanna agus conas atá siad difriúil agus tabhair isteach focail tomhais mar **níos faide**, **níos éadroime**, **níos airde** in áit téarmaí ar nós mór agus beag.

Gníomhaíocht	Teanga is féidir leat a úsáid
Súgradh le bréagáin	<i>Nach deas an teidí <b>beag é!</b> Is agatsa atá an ceann <b>is lú</b> sa bhosca.</i>
Uisce a iniúchadh	<i>Breathnaigh, tá an crúiscín <b>ag cur thar maoil</b>.</i>
Pictiúr a tharraingt	<i>Tá an crián seo <b>ramhar</b> ach tá an peann luaidhe <b>tanaí</b>.</i>
Cruthanna a dhéanamh le taos súgartha	<i>Tá an nathair sin iontach <b>fada</b>. Ach tá an nathair seo thar a bheith <b>gairid</b>.</i>
Tógáil leis na bloic	<i>Tá an túr sin millteanach <b>ard</b>. Breathnaigh tá sé <b>níos airde</b> ná tusa.</i>
Bréagáin a ghlanadh ar shiúl go slachtmhar	<i>Sa bhosca <b>is mó</b> a chuirtear na carranna.</i>
Gléasadh	<i>Tá na stocaí seo ar <b>cóimhéid</b>.</i>
Deoch a fháil	<i>Seachain, tá an cupán beagnach <b>lán!</b></i>
Earraí grósaera a iompar	<i>Tá an mála seo an-<b>trom</b>.</i>
Arán a bhácáil	<i>Níl go leor plúir agam leis an arán a dhéanamh. Breathnaigh tá an mála beagnach <b>folamh!</b></i>
Ullmhú le rud a cheannach	<i>Tá <b>mórán</b> bonn i mo sparán ach níl ann ach <b>beagán</b> nótaí.</i>
An bruscar a ullmhú lena chur sa channa bruscair	<i>B'fhéarr sreang/corda <b>níos faide</b> chun an mála a cheangal.</i>

## Rainn do pháistí a rá agus sult a bhaint as leabhair faoi thomhas

Bealach maith eile le foghlaim faoi thomhas **áireamh** nó **rainn do pháistí** a rá, mar shampla, *Feicim réiltín ar an spéir*, *Humptaí Dumptaí* nó *A haon a dó, caora is bó*.

Má phléitear agus má labhraítear faoi **leabhair** bíonn deiseanna ag leanáí teanga an tomhais a chloisteáil agus a úsáid. Chomh maith leis an leabhar a léamh le chéile, tabhair neart deiseanna do do leanbh le labhairt leat faoi na pictiúir agus faoin scéal. Seo roinnt leideanna a chabhróidh le do pháiste foghlaim faoi thomhas. Tá go leor eile ann! Cuir ceist i do leabharlann áitiúil nó cuardaigh leideanna eile ar an idirlíon.



Nuair a bhíonn tú ag caint le do leanbh faoi na scéalta:

- Úsáid focail a bhaineann le tomhas mar **mór, ard, fada, lán, folamh**.
- Déan comparáid idir airde agus méideanna rudaí – **níos lú ná/ níos airde ná/ is faide**.
- Tabhair isteach focail eile a bhaineann le tomhas – **is tibhe, is callánaí, is gasta**.

Má bhíonn spéis agat sna rudaí a dhéanann do leanbh agus má bhaineann sibh sult as caint fúthu le chéile cabhróidh sé sin le le do leanbh sult a bhaint as na smaointe agus na focail a bhaineann le tomhas agus foghlaim fúthu.

Gabh chuig [www.aistearsiolta.ie](http://www.aistearsiolta.ie) le smaointe eile a fháil a chabhróidh le do leanbh foghlaim agus forbairt.